Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Meán Fómhair 2021**
**(OR. en)**

**11557/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0283 (NLE)**

**ENV 605**
**JUR 478**
**INF 245**
**ONU 73**
**RELEX 736**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Meán Fómhair 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 532 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an seachtú seisiún de Chruinniú na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Aarhus maidir leis na cásanna comhlíonta ACCC/C/2008/32 agus ACCC/C/2015/128 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 532 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 532 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.9.2021
COM(2021) 532 final

2021/0283 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an seachtú seisiún de Chruinniú na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Aarhus maidir leis na cásanna comhlíonta ACCC/C/2008/32 agus ACCC/C/2015/128**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an seachtú Cruinniú de chuid na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Aarhus i dtaca le Cinneadh VII.8f atá beartaithe a ghlacadh maidir le comhlíonadh a chuid oibleagáidí faoin gCoinbhinsiún ag an Aontas Eorpach

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. Coinbhinsiún Aarhus

An Coinbhinsiún maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil ('Coinbhinsiún Aarhus')[1], is comhaontú comhshaoil iltaobhach é a tugadh i gcrích faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE).

D'fhormheas an Comhphobal Eorpach Coinbhinsiún Aarhus an 17 Feabhra 2005[2], agus rinne sé Dearbhú freisin tar éis é a shíniú[3]. Is Páirtithe iad na Ballstáit uile sa Chomhaontú. Cuidíonn Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 ('Rialachán Aarhus') le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin maidir le hinstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais[4].

### 2.2. Coinbhinsiún Aarhus

Tagann na Páirtithe conarthacha i gCoinbhinsiún Aarhus le chéile gach 4 bliana agus baineann ceann amháin de na buanmhíreanna ar an gclár oibre le comhlíonadh an Choinbhinsiúin ag na Páirtithe. I gcomhréir le hAirteagal 15 de, déanann an Coiste um Chomhlíonadh, arna bhunú faoin gCoinbhinsiún, an chomhlíontacht a mheasúnú. Tá torthaí an Choiste um Chomhlíonadh críochnaitheach.

Cuirtear torthaí an Choiste faoi bhráid Chruinniú na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Aarhus lena bhformhuiniú i gcomhréir le Riail 37 de Chinneadh I/7 maidir le hathbhreithniú ar chomhlíonadh[5]. Dá bhformhuineofaí iad, bhainfidís amach an stádas atá ag léirmhíniú oifigiúil ar Choinbhinsiún Aarhus, agus dá bhrí sin bheidís ina gceangal ar na Páirtithe Conarthacha agus ar na Comhlachtaí Coinbhinsiúin.

Is trí chomhthoil a chinneann Cruinniú na bPáirtithe i gcoitinne. I gcás ina bhfuil na hiarrachtaí uile chun teacht ar chomhthoil ídithe, déantar cinntí maidir le hábhair shubstainteacha le tromlach trí cheathrú de vótaí na bPáirtithe atá i láthair agus a vótálann[6]. Tá 27 vóta ag an Aontas as 46 vóta san iomlán má bhíonn na Páirtithe go léir i láthair.

Roimh Chruinniú na bPáirtithe, bunaítear seasaimh an Aontais i Meitheal na Comhairle um Shaincheisteanna Idirnáisiúnta i leith an Chomhshaoil.

---

1 Mar a foilsíodh ar shuíomh gréasáin UNECE: http://www.unece.org/fileadmin/DAM/env/pp/documents/cep43e.pdf

2 Cinneadh 2005/370/CE ón gComhairle (IO L 124, 17.5.2005, lch. 1).

3 Tá Dearbhú an Aontais foilsithe ar shuíomh gréasáin UNECE faoin gceannteideal 'Declarations and Reservations', féach *https://treaties.un.org/Pages/ViewDetails.aspx?src=IND&mtdsg_no=XXVII-13&chapter=27&clang=_en*

4 IO L 264, 25.9.2006, lch. 13.

5 Le fáil ag g0430994.doc (unece.org)

6 Cinneadh I/1 maidir leis na Rialacha nós imeachta (cf. Riail 35 maidir leis an gcinnteoireacht, go háirithe), féach http://www.unece.org/fileadmin/DAM/env/pp/documents/mop1/ece.mp.pp.2.add.2.e.pdf

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag Coinbhinsiún Aarhus

An 18 – 20 Deireadh Fómhair 2021, le linn an seachtú seisiún dá chuid, tá Cruinniú na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Aarhus le Cinneadh VII.8f a ghlacadh maidir le comhlíonadh an Choinbhinsiúin ag an Aontas Eorpach ('an gníomh atá beartaithe').

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe a chinneadh an bhfuil an tAontas Eorpach i gcomhréir le cásanna ACCC/C/2008/32 agus ACCC/C/2015/128 go háirithe, agus na coinníollacha a leagan amach is gá chun comhlíonadh a áirithiú agus, b'fhéidir, oibleagáidí tuairiscithe rialta a thabhú agus a iarraidh ar an bPáirtí lena mbaineann bearta práinneacha a dhéanamh chun comhlíonadh a áirithiú.

## 3. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais

An 17 Márta 2017, d'eisigh an Coiste torthaí i gcás ACCC/C/2008/32 maidir le rochtain ar an gceartas ar leibhéal an Aontais[7], cás a thug an eagraíocht neamhrialtasach (ENR) *ClientEarth*. Chinn an Coiste go sáraítear an Coinbhinsiún le rialacha an Chonartha maidir le rochtain ar an gceartas os comhair Chúirteanna an Aontais, mar a léirmhínigh siad iad, agus leis na critéir maidir le rochtain ar athbhreithniú riaracháin faoi Rialachán Aarhus.

I gcás comhlíonadh ar leithligh, is é sin ACCC/C/2015/128[8], ar tugadh a chuid torthaí an 17 Márta 2021, chinn an Coiste gur sháraigh an tAontas an Coinbhinsiún toisc nár tugadh rochtain don phobal ar nósanna imeachta riaracháin nó breithiúnacha le go bhféadfaí agóid a dhéanamh i gcoinne cinntí maidir le bearta státchabhrach a rinne an Coimisiún Eorpach.

An 14 Deireadh Fómhair 2020, ghlac an Coimisiún togra chun Rialachán Aarhus a leasú[9] agus teachtaireacht maidir le Rochtain ar an gCeartas[10] mar fhreagairt ar thorthaí an Choiste i gcás ACCC/C/2008/32. Ba fhreagairt é sin ar an iarraidh a rinne an Chomhairle[11] ar an gCoimisiún togra reachtach a chur síos mar aon leis na gealltanais a thug an Coimisiún sa Teachtaireacht maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip.

Mar thoradh deiridh ar an bpróiseas reachtach, thángthas ar chomhaontú polaitiúil sa chruinniú tríthaobhach an 12 Iúil 2021 inar tugadh aghaidh ar ábhair imní uile an Choiste um Chomhlíonadh i gcás ACCC/C/2008/32.

Baineann cás ACCC/C/2015/128 le heisceachtaí státchabhrach faoi Rialachán Aarhus, nach raibh mar chuid den togra reachtach ón gCoimisiún a mheabhraítear thuas. Ag an gcruinniú tríthaobhach an 12 Iúil 2021, áfach, d'eisigh an Coimisiún ráiteas mar chuid den chomhréiteach as ar tháinig glacadh Rialachán athbhreithnithe Aarhus, inar gheall sé go ndéanfadh sé measúnú ar na torthaí sa chás seo agus an toradh a fhoilsiú faoi dheireadh 2022. Dúirt an Coimisiún freisin go gcuirfidh sé bearta chun cinn faoi dheireadh 2023, más iomchuí, chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist, i bhfianaise na n-oibleagáidí atá ar an Aontas agus

---

[7] Tá torthaí agus comhairle faoi ACCC/C/2008/32 le fáil ag: https://unece.org/env/pp/cc/accc.c.2008.32_european-union agus ag https://***unece.org/env/pp/cc/accc.m.2017.3_european-union***

[8] https://unece.org/sites/default/files/2021-03/C128_EU_findings_advance%20unedited.pdf

[9] COM(2020) 642

[10] COM(2020) 643

[11] Cinneadh (AE) 2018/881 ón gComhairle an 18 Meitheamh 2018 lena n-iarrtar ar an gCoimisiún staidéar a thíolacadh faoi roghanna an Aontais maidir le haghaidh a thabhairt ar thorthaí an Choiste um Chomhlíonadh Choinbhinsiún Aarhus gcás ACCC/C/2008/32 agus, más iomchuí i bhfianaise thorthaí an staidéir, togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006, ST/9422/2018/INIT, IO L 155, 19.6.2018, lgh. 6–7.

ar na Ballstáit faoi Choinbhinsiún Aarhus agus rialacha dhlí an Aontais maidir le státchabhair á gcur san áireamh.

Baineann an tionscnamh seo le Dréacht-Chinneadh ón gComhairle lena gcumhdaítear an dá chás sin; dá réir sin, is féidir leis an Aontas seasamh aontaithe a chur in iúl ag Cruinniú na bPáirtithe an 18 – 20 Deireadh Fómhair 2021.

Maidir le cás ACCC/C/2008/32, is é is dóigh leis an Aontas go n-aontófar ag Cruinniú na bPáirtithe go ndéanfar comhlíonadh Choinbhinsiún Aarhus a áirithiú le bearta an Aontais, a luaithe a ghlacfar iad agus a thiocfaidh siad i bhfeidhm. Ós rud é gur ullmhaíodh an Dréacht-Chinneadh ó Chruinniú na bPáirtithe sular tugadh an nós imeachta reachtach maidir le Rialachán Aarhus i gcrích go foirmiúil, b'fhéidir go mbeadh ar an Aontas a iarraidh go ndéanfaí an Dréacht-Chinneadh ó Chruinniú na bPáirtithe a thabhairt cothrom le dáta chun an fhorbairt shuntasach sin san Aontas a léiriú go hiomlán.

Maidir leis an gcás a bhaineann le státchabhair, glacfaidh an tAontas le cinneadh lena n-admhófar na torthaí, ach gan iad a fhormhuiniú, agus fillfidh sé ar an ábhar ag an gcéad Chruinniú eile de chuid na bPáirtithe, lena bhfuiltear ag súil in 2025, agus é ag tuairisciú don Choinbhinsiún faoi na spriocdhátaí a leagtar amach sa Ráiteas ón gCoimisiún.

I bhfianaise na mbreithnithe thuas, ag an seachtú seisiún de Chruinniú na bPáirtithe amach romhainn, ba cheart don Aontas glacadh leis na torthaí i gcás ACCC/C/2008/32, faoi réir fhorálacha an Dréacht-Chinnidh seo ón gComhairle. Ina theannta sin, ba cheart don Aontas na torthaí i gcás ACCC/C/2015/128 a admháil, ach a iarraidh go gcuirfear formhuiniú na dtorthaí sin siar go dtí an t-ochtú seisiún de Chruinniú na bPáirtithe.

Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach freisin go n-admhaíonn an Coinbhinsiún an ról lárnach atá ag cúirteanna náisiúnta an Aontais ina gcáilíocht mar ghnáthchúirteanna dhlí an Aontais[12], agus go n-aithníonn sé córas na réamhrialaithe faoi Airteagal 267 CFAE mar mhodh bailí chun rochtain a fháil ar an gceartas agus ar shásamh i gcúrsaí comhshaoil. Ba cheart é sin a bheith léirithe i dtéacs an chinnidh arna ghlacadh ag Cruinniú na bPáirtithe.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. An bunús dlí atá leis an nós imeachta

#### *4.1.1. Na prionsabail*

Déantar foráil, le hAirteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), maidir le cinntí lena leagtar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Áirítear i gcoincheap '*na ngníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach '*a d'fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[13].

---

[12] Tuairim 1/09, *Córas Aontaithe um Dhlíthíocht Phaitinní a Chruthú*, AE:C:2011:123, mír 80.

[13] Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

*4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é Coinbhinsiún Aarhus a bunaíodh le comhaontú faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip.

Is é atá sa ghníomh a iarrtar ar Chruinniú na bPáirtithe a ghlacadh gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 15 de Choinbhinsiún Aarhus agus le forálacha Chinneadh I/7 maidir leis an athbhreithniú ar chomhlíonadh, agus Riail 37 de go háirithe[14].

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta atá leis an gcinneadh atá beartaithe.

## 4.2. Bunús dlí substainteach

*4.2.1. Na prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus inneachar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith.

*4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe leis an mbeartas comhshaoil.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 192(1) an bunús dlí substainteach atá leis an gcinneadh atá beartaithe.

## 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 192(1) CFAE, i dteannta Airteagal 218(9) CFAE, a bheith ina bhunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

[14] Luaite thuas.

2021/0283 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an seachtú seisiún de Chruinniú na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Aarhus maidir leis na cásanna comhlíonta ACCC/C/2008/32 agus ACCC/C/2015/128**

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Feabhra 2005, rinneadh Coinbhinsiún Aarhus maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil (‘Coinbhinsiún Aarhus’)[15] a fhormheas, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, le Cinneadh 2005/370/CE ón gComhairle[16].

(2) De bhun Airteagal 10(2) de Choinbhinsiún Aarhus, féadfaidh Cruinniú na bPáirtithe Conarthacha cinntí a ghlacadh maidir le comhlíonadh an Choinbhinsiúin.

(3) Le linn an seachtú seisiún dá chuid an 18 – 20 Deireadh Fómhair 2021, tá Coinbhinsiún Aarhus le Cinneadh VII.8f a ghlacadh maidir le comhlíonadh a chuid oibleagáidí faoin gCoinbhinsiún ag an Aontas Eorpach, lena n-áirítear na torthaí i gcásanna ACCC/C/2008/32 agus ACCC/C/2015/128.

(4) An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoinbhinsiún Aarhus, is iomchuí é a bhunú ós rud é go mbeidh Cinneadh VII.8f maidir le comhlíonadh a chuid oibleagáidí faoin gCoinbhinsiún ag an Aontas Eorpach ina cheangal ar an Aontas.

(5) Chuir an tAontas oibleagáidí an Choinbhinsiúin chun feidhme maidir lena institiúidí agus lena chomhlachtaí, go háirithe trí bhíthin Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le forálacha Choinbhinsiún Aarhus maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas in Ábhair Chomhshaoil a chur i bhfeidhm ar institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail (‘Rialachán Aarhus’).

(6) De bhun Airteagal 15 de Choinbhinsiún Aarhus, bunaíodh an Coiste um Chomhlíonadh Choinbhinsiún Aarhus (‘an Coiste’) agus tá sé inniúil athbhreithniú a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann na Páirtithe forálacha an Choinbhinsiúin. Faoi Riail 37 de Chinneadh I/7 maidir leis an athbhreithniú ar chomhlíonadh, ní mór do Chruinniú na bPáirtithe torthaí an Choiste a fhormhuiniú.

---

[15] http://www.unece.org/fileadmin/DAM/env/pp/documents/cep43e.pdf

[16] Cinneadh 2005/370/CE ón gComhairle an 17 Feabhra 2005 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, an Choinbhinsiúin maidir le rochtain ar fhaisnéis, rannpháirtíocht phoiblí i gcinnteoireacht agus rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil (IO L 124, 17.5.2005, lch. 1).

(7) An 17 Márta 2017, fuair an tAontas torthaí i gcás ACCC/C/2008/32 maidir le rochtain ar an gceartas ar leibhéal an Aontais[17]. Chuir an Coiste in iúl i mír 123 dá thorthaí '*nach gcomhlíonann an Páirtí lena mbaineann Airteagal 9, míreanna 3 agus 4, den Choinbhinsiún maidir le rochtain ar an gceartas ag an bpobal ar an ábhar nach ndéanann Rialachán Aarhus ná dlí-eolaíocht CBAE na hoibleagáidí a eascraíonn as na míreanna sin a chur chun feidhme ná a chomhlíonadh.*'

(8) Tar éis an Coinbhinsiún a shíniú rinne an tAontas Dearbhú, a rinneadh an athuair arna fhormheas ag an gCoinbhinsiún, lenar cuireadh comhlachtaí Choinbhinsiún Aarhus ar an eolas maidir leis an méid seo a leanas: '*laistigh de chomhthéacs institiúideach agus dlíthiúil an Chomhphobail [...] cuirfidh institiúidí an Chomhphobail an Coinbhinsiún i bhfeidhm laistigh de chreat a rialacha atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo maidir le rochtain ar dhoiciméid agus rialacha ábhartha eile maidir le dlí an Chomhphobail sa réimse a chlúdaítear leis an gCoinbhinsiún.*'

(9) Tá an nós imeachta um athbhreithniú riaracháin faoi Rialachán Aarhus ina chomhlánú ar chóras foriomlán an Aontais um athbhreithniú breithiúnach lena gcuirtear ar chumas an phobail a iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar ghníomhartha riaracháin trí bhíthin dúshláin bhreithiúnacha dhíreacha ar leibhéal an Aontais, eadhon faoi Airteagal 263(4) CFAE, agus, i gcomhréir le hAirteagal 267 CFAE, trí bhíthin na gcúirteanna náisiúnta, ar cuid dhílis iad de chóras an Aontais faoi na Conarthaí. Tá ról sár-riachtanach sa chóras sin ag inniúlacht na gcúirteanna náisiúnta réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE a iarraidh ar Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. De réir Airteagal 267 CFAE, is dlúthchuid de chóras cosanta breithiúnaí an Aontais iad cúirteanna náisiúnta na mBallstát ina gcáilíocht mar ghnáthchúirteanna dhlí an Aontais[18].

(10) Agus na hábhair imní a chuir an Coiste in iúl i gcás ACCC/C/2008/32 á gcur san áireamh, an 14 Deireadh Fómhair 2020 chuir an Coimisiún togra reachtach[19] ar aghaidh arb é is aidhm dó Rialachán Aarhus a leasú, ar togra é a chomhaontaigh comhreachtóirí go neamhfhoirmiúil i gcruinniú tríthaobhach an 12 Iúil 2021. Áirithítear anois le Rialachán leasaithe Aarhus go bhfuil dlí an Aontais i gcomhréir le forálacha Choinbhinsiún Aarhus maidir le rochtain ar an gceartas i gcúrsaí comhshaoil ar bhealach atá ag luí le bunphrionsabail dhlí an Aontais agus lena chóras athbhreithnithe bhreithiúnaigh.

(11) Chuir an Coimisiún an Coiste um Chomhlíonadh ar an eolas faoi mhionsonraí an chomhaontaithe pholaitiúil an 16 Iúil 2021, agus sholáthair sé leagan comhdhlúite den téacs don Choiste an 23 Iúil 2021 tar éis a fhormhuinithe i gCoiste Bhuanionadaithe Rialtais na mBallstát, agus chuir sé toradh deiridh an nós imeachta reachtaigh in iúl don Choiste um Chomhlíonadh, lena n-áirítear an téacs a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an [xxx Deireadh Fómhair 2021]. Dá bhrí sin, ba cheart a chur in iúl sa Chinneadh ó Chruinniú na bPáirtithe gur díol sásaimh dó na bearta nua sin agus, nuair a thiocfaidh siad in éifeacht, go bhfreagraíonn siad go hiomlán do thorthaí an Choiste um Chomhlíonadh i gcás ACCC/C/2008/32.

---

17 http://www.unece.org/fileadmin/DAM/env/pp/compliance/C2008-32/Findings/C32_EU_Findings_as_adopted_advance_unedited_version.pdf

18 Tuairim 1/09 ón gCúirt (an Chúirt Iomlán) an 8 Márta 2011, de bhun Airteagal 218(11) CFAE, Córas aontaithe um dhlíthíocht phaitinní a Chruthú, ECLI:EU:C:2011:123, mír 80.

19 COM(2020) 642

(12) Ina chuid torthaí an 17 Márta 2021, chinn an Coiste i gcás ACCC/C/2015/128[20] gur sháraigh an tAontas an Coinbhinsiún toisc nár tugadh rochtain don phobal ar nósanna imeachta riaracháin nó breithiúnacha le go bhféadfaí agóid a dhéanamh i gcoinne cinntí maidir le bearta státchabhrach a rinne an Coimisiún Eorpach.

(13) Agus ábhair imní agus torthaí an Choiste á n-admháil aige i gcás ACCC/C/2015/128, d'eisigh an Coimisiún ráiteas mar chuid den chomhréiteach as a d'eascair glacadh Rialachán athbhreithnithe Aarhus inar gealladh *'anailís a dhéanamh ar impleachtaí na dtorthaí agus measúnú a dhéanamh ar na roghanna atá ar fáil. Déanfaidh an Coimisiún an measúnú sin a chríochnú agus a fhoilsiú faoi dheireadh 2022. Más iomchuí, faoi dheireadh 2023, cuirfidh an Coimisiún bearta chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist, i bhfianaise na n-oibleagáidí atá ar an Aontas agus ar na Ballstáit faoi Choinbhinsiún Aarhus agus rialacha dhlí an Aontais maidir le státchabhair á gcur san áireamh.'*

(14) Cuirfear na torthaí i gcásanna ACCC/C/2008/32 agus ACCC/C/2015/128 faoi bhráid an seachtú seisiún de Chruinniú na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Aarhus, a thionólfar i mí Dheireadh Fómhair 2021 i nGinéiv na hEilvéise, trí bhíthin Dréacht-Chinneadh VII.8f[21] faoina bhfaighidís stádas léirmhíniú oifigiúil Choinbhinsiún Aarhus, agus dá bhrí sin bheidís ina gceangal ar na Páirtithe Conarthacha agus ar na Comhlachtaí Coinbhinsiúin.

(15) Maidir le cás ACCC/C/2015/128, áfach, i gcomhréir leis an Ráiteas a mheabhraítear thuas, ba cheart don Aontas gealltanas a thabhairt go ndéanfaidh sé anailís ar impleachtaí na dtorthaí agus go ndéanfaidh sé measúnú ar na roghanna atá ar fáil laistigh de chreat agus de shainiúlachtaí dhlíchóras an Aontais. Ar an mbealach sin ba cheart a chur ar a chumas don Choimisiún an measúnú a luaitear sa Ráiteas a chomhlánú agus a fhoilsiú agus bearta a chur chun cinn, más iomchuí, chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist a thóg an Coiste um Chomhlíonadh, laistigh de na hamlínte a léirítear sa Ráiteas agus sainiúlachtaí dhlíchóras an Aontais maidir le cúrsaí státchabhrach á gcur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas a mholadh do Chruinniú na bPáirtithe freisin formhuiniú na dtorthaí i gcás ACCC/C/2015/128 a chur siar go dtí an t-ochtú seisiún de Chruinniú na bPáirtithe, seachas na torthaí sin a fhormhuiniú.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Go nglacfar leis an Dréacht-Chinneadh thuasluaite agus go ndéanfar na torthaí a fhormhuiniú, sin é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an seachtú seisiún de Chruinniú na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Aarhus maidir le Dréacht-Chinneadh VII.8f a bhaineann leis an Aontas a bheith ag comhlíonadh a chuid oibleagáidí faoi Choinbhinsiún Aarhus i gcás ACCC/C/2008/32. Ba cheart don Aontas, áfach, a áirithiú go léireofar na pointí seo a leanas sa chinneadh:

– Sa chinneadh ba cheart a fháiltiú roimh na bearta uile is gá a bheith déanta ag an Aontas chun comhlíonadh na dtorthaí a áirithiú agus chun rochtain ar an gceartas i gcúrsaí comhshaoil a chur ar fáil don phobal lena mbaineann i gcomhréir le

[20] https://unece.org/sites/default/files/2021-03/C128_EU_findings_advance%20unedited.pdf
[21] https://unece.org/environment/documents/2021/08/item-7-b-draft-decision-vii8f-concerning-compliance-european-union.

míreanna 3 agus 4 d'Airteagal 9 den Choinbhinsiún. Ba cheart a shoiléiriú leis an gcinneadh freisin nach mbeidh an tAontas neamh-chomhlíontach a thuilleadh i gcás ACCC/C/2008/32 nuair a bheidh forálacha uile Rialachán athbhreithnithe Aarhus tar éis teacht i bhfeidhm.

– I gcás ina n-athdheimhnítear leis an Dréacht-Chinneadh go bhfuil an nós imeachta réamhrialaithe á fhoirceannadh ag an gCoiste um Chomhlíonadh, ba cheart diúltú do na forálacha sin. Tá sé ríthábhachtach go n-admhaítear sa Chinneadh an ról lárnach atá ag cúirteanna náisiúnta an Aontais ina gcáilíocht mar ghnáthchúirteanna dhlí an Aontais, agus go n-aithnítear córas na réamhrialaithe faoi Airteagal 267 CFAE mar mhodh bailí chun sásamh a fháil.

*Airteagal 2*

Go n-admhófaí ábhair imní agus torthaí an Choiste um Chomhlíonadh, ba cheart é sin a bheith ar an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an seachtú seisiún de Chruinniú na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Aarhus maidir le Dréacht-Chinneadh VII.8f a bhaineann leis an Aontas a bheith ag comhlíonadh a chuid oibleagáidí faoi Choinbhinsiún Aarhus i gcás ACCC/C/2015/128. Ba cheart foclaíocht an Ráitis ón gCoimisiún a athdhearbhú leis an gCinneadh freisin, ráiteas a eisíodh ag an gcruinniú tríthaobhach deireanach maidir leis an athbhreithniú ar Rialachán Aarhus an 12 Iúil 2021.

De réir an Ráitis sin:

'*Leanann an Coimisiún de bheith tiomanta a áirithiú go n-urramaíonn an tAontas a chuid oibleagáidí idirnáisiúnta maidir le cúrsaí a bhaineann le Coinbhinsiún Aarhus agus sa chomhthéacs sin admhaíonn sé na hábhair imní a cuireadh in iúl agus na torthaí a ghlac an Coiste um Chomhlíonadh Choinbhinsiún Aarhus i gcás ACCC/C/2015/128*[22] *maidir le státchabhair an 17 Márta 2021. Sna torthaí, iarrtar ar an Aontas "na bearta reachtacha, rialála agus eile is gá a ghlacadh chun a áirithiú go leasófar Rialachán Aarhus, nó go nglacfar reachtaíocht nua de chuid an Aontais Eorpaigh, chun rochtain a chur ar fáil go soiléir don phobal ar nósanna imeachta riaracháin nó breithiúnacha chun agóid a dhéanamh i gcoinne cinntí maidir le bearta státchabhrach arna nglacadh ag an gCoimisiún Eorpach faoi Airteagal 108(2) CFAE lena sáraítear dlí an Aontais i ndáil leis an gcomhshaol, i gcomhréir le hAirteagal 9(3) agus (4) den Choinbhinsiún".*

*Tá an Coimisiún ag déanamh anailíse faoi láthair ar impleachtaí na dtorthaí agus tá measúnú á dhéanamh aige ar na roghanna atá ar fáil. Déanfaidh an Coimisiún an measúnú sin a chríochnú agus a fhoilsiú faoi dheireadh 2022. Más iomchuí, faoi dheireadh 2023, cuirfidh an Coimisiún bearta chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist, i bhfianaise na n-oibleagáidí atá ar an Aontas agus ar na Ballstáit faoi Choinbhinsiún Aarhus agus rialacha dhlí an Aontais maidir le státchabhair á gcur san áireamh.'*

Dá réir sin, ba cheart don Aontas gealltanas a thabhairt go ndéanfaidh sé anailís ar impleachtaí na dtorthaí agus go ndéanfaidh sé measúnú ar na roghanna atá ar fáil laistigh de chreat agus de shainiúlachtaí dhlíchóras an Aontais. Ba cheart dó gealltanas a thabhairt freisin go ndéanfaidh sé an measúnú sin a chur i gcrích agus a fhoilsiú faoi dheireadh 2022. Ina theannta sin, más iomchuí, faoi dheireadh 2023, ba cheart dó gealltanas a thabhairt go gcuirfidh sé bearta chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist, i bhfianaise na n-oibleagáidí atá ar an Aontas agus ar na Ballstáit faoi Choinbhinsiún Aarhus agus rialacha dhlí an Aontais maidir le Státchabhair á gcur san áireamh.

[22] Féach https://unece.org/env/pp/cc/accc.c.2015.128_european-union, mír 132.

Ar an mbealach sin ba cheart a chur ar a chumas don Choimisiún an measúnú a luaitear sa Ráiteas a chomhlánú agus a fhoilsiú agus bearta a chur chun cinn, más iomchuí, chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist a thóg an Coiste um Chomhlíonadh, laistigh de na hamlínte a léirítear sa Ráiteas.

Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas a mholadh do Chruinniú na bPáirtithe freisin formhuiniú na dtorthaí i gcás ACCC/C/2015/128 a chur siar go dtí an t-ochtú seisiún de Chruinniú na bPáirtithe, seachas na torthaí sin a fhormhuiniú.

*Airteagal 3*

Is féidir mionleasuithe eile i gcomhréir le cur chuige an Chinnidh seo a chomhaontú le linn an chomhordaithe ar an láthair agus i bhfianaise na caibidlíochta a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le Dréacht-Chinneadh VII.8f.

*Airteagal 4*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*